Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12435/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0240(BUD)**

BUDGET 23

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus leasuithe teicniúla eile lena n-áirítear bunú agus maoiniú na hIonstraime um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú agus an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna: An Seasamh ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2023 |

## I. RÉAMHRÁ

An 3 Iúil 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach (DAB) Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023 a bhaineann le nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus gnéithe sonracha eile a bhaineann le caiteachas[1].

Is é is cuspóir don togra sin taobh an ioncaim den bhuiséad a nuashonrú chun go gcuirfear san áireamh na forbairtí is déanaí maidir leis an méid a leanas:

- na réamh-mheastacháin nuashonraithe maidir le hacmhainní dílse do bhuiséad 2023 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse an 25 Bealtaine 2023;
- an nuashonrú a rinneadh ar ioncaim eile amhail ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe, fíneálacha agus eile.

[1] 11360/23.

Ina theannta sin, áirítear le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2023 an dá eilimint shonracha a leanas a bhaineann le caiteachas:

- coigeartuithe i ndáil le bunú agus maoiniú, do 2023, na hIonstraime um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú, arna bunú leis an nGníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Airm (ASAP);
- coigeartuithe i ndáil leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna[2] a mhaoiniú le haghaidh 2023 tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 18 Aibreán 2023;
- cur ar ceal leithreasuithe ón líne chúltaca le haghaidh na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) mar gheall ar mhoilleanna sa chaibidlíocht le trí thríú tír (eadhon Maracó, an Libéir agus Oileáin Sholomón);
- atreisiú bhuiséad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) chun costais bhreise a chlúdach i ndáil leis an gcíos atá le híoc le Parlaimint na hEorpa.

Ar an iomlán, is é glantionchar dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2023 ar chaiteachas go mbeidh méadú EUR 54.8 milliún ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus laghdú EUR 190.9 milliún ar na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

## II. CONCLÚID

An 18 Meán Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2023, mar a leagtar amach é san iarscríbhinn theicniúil a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin seo.

---

[2] 6170/22 (COM(2022) 46 final).